Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Feabhra 2021**
**(OR. en)**

**5697/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0014(NLE)**

**WTO 17**
**COLAC 7**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 5696/21 WTO 16 COLAC 6 + ADD 1 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh den Choiste Trádála arna bhunú leis an gComhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus an Cholóim, Eacuadór agus Peiriú, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le Foscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn XII (Soláthar Rialtais) a leasú<br>- Glacadh |

1. An 27 Eanáir 2021, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite faoi bhráid na Comhairle (5696/21 + ADD 1).

2. Chuathas i gcomhairle i scríbhinn leis an gCoiste um an mBeartas Trádála (Ionadaithe) maidir leis an téacs sin agus d'fhormhuinigh sé an téacs, sa riocht inar modhnaíodh é, chun roinnt coigeartuithe riachtanacha a chur san áireamh.

3. I bhfianaise an mhéid thuas, agus faoi réir daingniú ó Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

- an Cinneadh ón gComhairle mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus a leagtar amach in 5698/21 agus in 5699/21 é a ghlacadh;

- cinneadh a dhéanamh go n-ordófar an Cinneadh ó Choiste Trádála AE-An-Cholóim-Peiriú-Eacuadór mar a leagtar amach in 5699/21 é, a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, a luaithe a ghlacfar é;

- a thabhairt dá haire go gcuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, agus go ndéanfar an Cinneadh a tharchur chuig an bParlaimint; agus

- a chinneadh go gcuirfear ina miontuairiscí na ráitis atá san iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

## Ráiteas ón gCoimisiún

Measann an Coimisiún gur cheart go gcuirfí an Cinneadh ón gComhairle faoi bhráid an Choimisiúin, agus dá bhrí sin, measann sé go bhfuil na hathruithe ar Airteagal 3 míchuí.

Is gníomh ionadaíochta seachtraí thar ceann an Aontais é seasamh an Aontais a nochtadh i gcomhlacht arna bhunú trí chomhaontú, gníomh atá ina shainphribhléid institiúideach de chuid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 17(1) CAE.

Coimeádann an Coimisiún a chearta uile i dtaca leis sin.

---

## Ráiteas ón gCoimisiún

Measann an Coimisiún go bhfuil sé mícheart ó thaobh an dlí de a chur in iúl gurb iad Airteagail 91 agus 100(2) CFAE, chomh maith le hAirteagal 207(4) CFAE, is bunús dlí substainteach don Chinneadh seo.

Dar leis an gCoimisiún, is faoin gcomhbheartas tráchtála a thagann príomhchuspóir an Chinnidh, agus ní bhaineann sé ach go teagmhasach le soláthar seirbhísí iompair. Dá bhrí sin, ba cheart a chur in iúl sa Chinneadh gurb é is bunús dlí substainteach aonair dó Airteagal 207(4) CFAE, agus an t-airteagal sin amháin.

Coimeádann an Coimisiún a chearta uile i dtaca leis sin.

---